Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022
(OR. en)

9671/22

JAI 780
COPEN 218

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 249 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE I dtreo Treorach maidir le pionóis choiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 249 final.

Faoi iamh: COM(2022) 249 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.5.2022
COM(2022) 249 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**I dtreo Treorach maidir le pionóis choiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais**

# 1. RÉAMHRÁ

## 1.1. Dlí an Aontais maidir le bearta sriantacha

Is uirlis bhunriachtanach iad bearta sriantacha chun cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála ('CBES') a chur chun cinn, mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'). Áirítear ar na cuspóirí sin luachanna an Aontais a choimirciú, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chothabháil chomh maith leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a chomhdhlúthú agus tacú leo.

D'fhonn na luachanna sin a chaomhnú, féadfaidh an tAontas bearta sriantacha a fhorchur ar thríú tíortha, ar eintitis nó ar dhaoine aonair. Áirítear ar na bearta sin bearta aonair spriocdhírithe, i.e. calcadh sócmhainní agus srianta ar ligean isteach (toirmeasc taistil), chomh maith le bearta earnála, i.e. trádbhaic arm nó bearta eacnamaíocha agus airgeadais (e.g. srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú, srianta ar sholáthar seirbhísí áirithe, amhail seirbhísí baincéireachta)[1]. Faoi láthair, tá os cionn daichead réimeas éagsúil de bhearta sriantacha i bhfeidhm ag an Aontas agus tá méadú tagtha ar a n-úsáid le blianta beaga anuas. Cuireann cuid de na réimis sin bearta sriantacha chun feidhme ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcásanna áirithe cuireann siad srianta breise i bhfeidhm; glacann an tAontas cuid eile díobh go neamhspleách. Chomh maith leis na córais ina dtugtar aghaidh ar chásanna a bhaineann go sonrach le tír ar leith, ghlac an tAontas réimis chothrománacha freisin atá dírithe ar leathadh agus úsáid arm ceimiceach, cibear-ionsaithe, ar sháruithe ar chearta an duine agus ar an sceimhlitheoireacht[2].

Tá caomhnú na síochána agus na slándála idirnáisiúnta ríthábhachtach i gcomhthéacs reatha ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá sraith beart sriantach curtha i bhfeidhm ag an Aontas i gcoinne daoine aonair agus cuideachtaí de chuid na Rúise agus na Bealarúise, chomh maith le bearta earnálacha, cuid acu atá ann ó 2014 i leith. Sa chomhthéacs sin, chun comhordú ar leibhéal an Aontais a fheabhsú i bhforfheidhmiú na mbeart sriantach sin, bhunaigh an Coimisiún Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú', a mbeidh seirbhísí an Choimisiúin, ionadaithe na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais, amhail Eurojust agus Europol, rannpháirteach ann[3]. Chomh maith

---

[1] Glacann an Chomhairle bearta sriantacha. Ar dtús, glacann an Chomhairle Cinneadh CBES faoi Airteagal 29 CAE. Cuirtear na bearta atá beartaithe sa Chinneadh ón gComhairle chun feidhme ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Is cleachtas é go dtí seo maidir le bearta amhail trádbaic arm nó srianta ar ligean isteach, go gcuireann na Ballstáit chun feidhme iad go díreach, agus tá ceangal dlí orthu gníomhú i gcomhréir le Cinntí CBES ón gComhairle. Maidir le bearta eile a chuireann isteach ar an gcaidreamh eacnamaíoch le tríú tír nó a laghdaíonn an caidreamh sin go hiomlán nó go páirteach, chomh maith le bearta aonair lena ndéantar cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chalcadh, lena gcuirtear toirmeasc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, déantar na bearta sin a chur chun feidhme trí bhíthin Rialachán arna ghlacadh ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, maidir le togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún, faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is féidir forálacha frith-imchéimniúcháin a fháil sa dá chineál gnímh.

[2] Chun forléargas a fháil, féach Mapa smachtbhannaí an Aontais, ar fáil ag https://www.sanctionsmap.eu/#/main.

[3] 'Enforcing sanctions against listed Russian and Belarusian oligarchs: Commission's 'Freeze and Seize' Task Force steps up work with international partners' [Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcoinne olagarc na Rúise agus na Bealarúise atá liostaithe: Cuireann Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú' de chuid an Choimisiúin dlús leis an obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta'], Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach, 17.03.2022, ar fáil ag https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_1828; Tascfhórsa 'Calcadh agus Coigistiú': Almost €30 billion of assets of Russian and Belarussian oligarchs and entities frozen by the EU so far' [Beagnach EUR30 billiún de shócmhainní

le comhordú a áirithiú i measc na mBallstát, tá sé d’aidhm ag an Tascfhórsa an t-idirghníomhú idir bearta sriantacha agus bearta dlí choiriúil a fhiosrú.

### 1.2. An gá le forfheidhmiú beart sriantach a fheabhsú tríd an dlí coiriúil

Is faoi na Ballstáit go príomha atá sé bearta sriantacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Ní mór do na húdaráis inniúla sna Ballstáit a mheas ar sáraíodh an Rialachán ábhartha ón gComhairle agus ní mór dóibh céimeanna leordhóthanacha a ghlacadh. I ndáil leis sin, áirítear go córasach i Rialacháin ón gComhairle a ghlactar de bhun Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’) foráil lena gceanglaítear ar na Ballstáit rialacha náisiúnta a ghlacadh lena bhforáiltear maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, a bheidh le cur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin ábhartha[4]. De ghnáth, áirítear san Rialacháin sin na nithe seo a leanas:

- na bearta sriantacha;
- an clásal frith-imchéimniúcháin, lena dtoirmeasctar rannpháirtíocht d’aon ghnó i ngníomhaíochtaí lena bhféachtar le dul timpeall ar na bearta sriantacha atá i gceist[5]; agus
- oibleagáidí eile, go háirithe tuairisc a thabhairt ar bhearta a rinneadh chun na bearta sriantacha a chur chun feidhme (e.g. méid na sócmhainní a calcadh a thuairisciú do na húdaráis).

In éagmais comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, tá difríochtaí suntasacha idir na córais náisiúnta a mhéid a bhaineann le coiriúlú an tsáraithe ar dhlí an Aontais maidir le bearta sriantacha (‘bearta sriantacha an Aontais’). In 12 Bhallstát, níl sa sárú ar bhearta sriantacha an Aontais ach cion coiriúil. In 13 Bhallstát, d’fhéadfadh sárú ar bhearta sriantacha an Aontais bheith ina chion riaracháin nó coiriúil[6]. Na critéir ar dá réir a thagann an t-iompar faoi chatagóir córais amháin nó catagóir córais eile, de ghnáth baineann siad lena thromchúisí atá sé (tromchúiseach), a chinntear i dtéarmaí cáilíochtúla (intinn, mórfhaillí) nó i dtéarmaí cainníochtúla (damáiste)[7], ach tá siad éagsúil i ngach Ballstát. Faoi láthair, in 2 Bhallstát, is

---

olagarc agus eintiteas na Rúise agus na Bealarúise calctha ag an Aontas go dtí seo’], Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach, 08.04.2022, ar fáil ag https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_22_2373.

[4] Mar shampla, féach Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, téacs comhdhlúite atá ar fáil ag EUR-Lex - 02014R0833-20220413 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

[5] Mar shampla, féach Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle. Tugtar faoi deara go bhfuil an clásal seo infheidhme freisin i gcás nár sáraíodh na bearta sriantacha; is leor a bheith rannpháirteach i scéimeanna a cruthaíodh chuige sin.

[6] An Líonra um Chinedhíothú, *Prosecution of sanctions (restrictive measures) violations in national jurisdictions: a comparative analysis*, [Inchúiseamh a dhéanamh ar sháraithe smachtbhannaí (bearta sriantacha) i ndlínsí náisiúnta: anailís chomparáideach], 2001, Iarscríbhinn ar fáil ag https://www.eurojust.europa.eu/sites/default/files/assets/genocide_network_report_on_prosecution_of_sanctions_restrictive_measures_violations_23_11_2021.pdf. I bhfianaise cur i láthair a rinne an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla de chuid na Comhairle (COPEN), foilsíodh an tuarascáil freisin i ndoiciméad 7274/22 ón gComhairle an 16 Márta 2022.

[7] An Líonra um Chinedhíothú, *Prosecution of sanctions (restrictive measures) violations in national jurisdictions: a comparative analysis*, [Inchúiseamh a dhéanamh ar sháraithe smachtbhannaí (bearta sriantacha) i ndlínsí náisiúnta: anailís chomparáideach], 2001, cuid 5.1., lch. 22.

pionóis riaracháin amháin a fhéadfaidh a bheith mar thoradh ar chion sonrach an tsáraithe ar bhearta sriantacha an Aontais[8].

Tá difríochtaí móra idir na córais phionóis ar fud na mBallstát freisin. Maidir le téarmaí príosúnachta, in 14 Bhallstát, is idir 2 bhliain agus 5 bliana an uastréimhse príosúnachta atá ann. In 8 mBallstát, is féidir uastéarma príosúnachta idir 8 mbliana agus 12 bhliana a ghearradh[9]. Is mór an difear idir na Ballstáit ar fad an fhíneáil uasta is féidir a ghearradh i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais – bíodh sin mar chion coiriúil nó mar chion riaracháin – idir EUR 1 200 agus EUR 500 000[10].

Déanann 14 Bhallstát foráil maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais[11]. Ina theannta sin, déanann 12 Bhallstát foráil maidir le pionóis riaracháin, go háirithe fíneálacha, a d'fhéadfaí a fhorchur ar dhaoine dlítheanacha i gcás ina sáraíonn a bhfostaithe nó a mbainistíocht bearta sriantacha. Is idir EUR 133 000 agus EUR 37.5 milliún na fíneálacha uasta ar dhaoine dlítheanacha[12].

Mhol an Coimisiún agus an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go neartófaí an fhoráil maidir le pionóis i Rialacháin 833/2014 agus 269/2014 ón gComhairle faoi chuimsiú an séú pacáiste de bhearta sriantacha mar fhreagairt ar an bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Leis na forálacha leasaithe, chuirfí d'oibleagáid ar na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis a leagan síos, lena n-áirítear pionóis choiriúla iomchuí, pionóis a bheadh infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha na rialachán sin. Ní mór do na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na pionóis sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gceart. Caithfidh na pionóis a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ní mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais na sáruithe sin a choigistiú. Glactar bearta sriantacha ar bhonn Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE. Cé go bhfuil na forálacha sin ina mbunús dlí chun oibleagáid a chur ar na Ballstáit pionóis a leagan síos, lena n-áirítear pionóis choiriúla, ní féidir úsáid a bhaint as ceachtar acu chun cineálacha beachta ná leibhéil bheachta na bpionós coiriúil a shainiú. De bharr an tionchair theoranta a bheadh ag baint le hoibleagáid a chur ar na Ballstáit pionóis choiriúla a bheith i bhfeidhm acu, gan na sainmhínithe coiriúla agus na pionóis a chomhfhogasú le Treoir bunaithe ar Airteagal 83 CFAE, ní bheadh cur chuige comhchuibhithe ag na Ballstáit fós féin maidir le bearta coigistíochta, i ndáil leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, mar aon le calcadh, bainistíochta, agus bearta coigistíochta dá bhforáiltear in *acquis* an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i dtaca le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní ní bheadh feidhm acu maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais. Fiú má dhéantar an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a choiriúlú i roinnt Ballstát cheana féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cur chuige ilroinnte i gcásanna trasteorann mar thoradh ar éagsúlachtaí i measc na mBallstát.

---

8 Idem.
9 Idem, cuid 5.2., lch. 23.
10 Idem, cuid 5.3., lch. 24.
11 Idem, bunaithe ar thuarascáil an Líonra um Chinedhíothú agus ar imscrúdú breise an Choimisiúin.
12 Idem.

I bhfianaise an mhéid sin, tá togra á eisiúint ag an gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) CFAE[13]. Dá gcuirfí an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) CFAE, chuirfí ar chumas an Choimisiúin, mar dhara céim, Treoir a mholadh láithreach faoin ngnáthnós imeachta reachtach chun an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis a chomhfhogasú. Leis an gcomhfhogasú sin ar shainmhínithe coiriúla agus ar phionóis i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, comhlánófaí togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpach agus ón gComhairle, a glacadh inniu freisin, maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní[14]. Déanann an togra seo atreisiú suntasach ar chreat reatha aisghabhála sócmhainní an Aontais, atá comhdhéanta den Treoir Coigistithe agus den Chinneadh ón gComhairle maidir le hoifigí um aisghabháil sócmhainní[15].

Leis an Treoir atá beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, rannchuidítear le bearta sriantacha an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear ar na Ballstáit leis imscrúduithe a sheoladh maidir le sócmhainní a rianú agus a shainaithint nuair is gá chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, agus chun sainordú na n-oifigí aisghabhála sócmhainní a leathnú chun maoin daoine aonair agus eintiteas atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe an Aontais a rianú agus a shainaithint go tapa, agus an mhaoin sin a chalcadh go práinneach nuair is gá sin chun cosc a chur lena tógáil amach as an dlínse. Ar an dara dul síos, trí na rialacha feabhsaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní a chur i bhfeidhm i ndáil le cion coiriúil de shárú ar bhearta sriantacha an Aontais, d'áiritheofaí leis an togra go ndéanfaí fáltais a fhaightear ó shárú ar bhearta sriantacha an Aontais a rianú, a chalcadh, a bhainistiú agus a choigistiú go héifeachtach, go dtí go ndéanfaí na sainmhínithe coiriúla agus na pionóis a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chomhfhogasú.

Mar a míníodh go mionsonraithe sa togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) CFAE[16], comhlíontar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 83(1) CFAE chun réimse nua coireachta a chur leis, ar critéir iad a bhaineann leis an ngné thrasteorann den réimse sin den choireacht (cineál, tionchar, riachtanas speisialta chun comhrac a dhéanamh ar bhonn comhchoiteann).

---

[13] An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, COM (2022) 247 an 25.05.2022.

[14] An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, COM (2002) 245 an 25.05.2022.

[15] Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le calcadh agus coigistiú ionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht san Aontas Eorpach, IO L 127, 29.4.2014, lgh. 39-50; Cinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fáltais nó maoin eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a shainaithint, IO L 332, 18.12.2007, lgh. 103-105.

[16] An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Is amhlaidh an cás toisc gur cheart an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a cháiliú mar réimse coireachta agus tá sé aicmithe mar sin ag tromlach na mBallstát[17], cheanna féin, ach níl sé cumhdaithe fós leis an liosta coireanna de chuid an Aontais atá ann cheana dá bhforáiltear in Airteagal 83(1) CFAE. Ina theannta sin, is réimse coireachta an-tromchúiseach é seo, ós rud é go bhféadfadh sé buanú a dhéanamh ar bhagairtí ar shíocháin agus ar shlándáil idirnáisiúnta, an bonn a bhaint de chomhdhlúthú agus de thacaíocht don daonlathais, den smachta reachta agus de chearta an duine agus d'fhéadfadh damáiste suntasach eacnamaíoch, sochaíoch agus comhshaoil a bheith mar thoradh air.

Ina theannta sin, tá gné thrasteorann atá soiléir agus, in amanna, bunúsach ag baint leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais, rud a éilíonn freagairt trasteorann aonfhoirmeach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. Ní hamháin gur coireanna iad sin a dhéanann daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhíonn ag obair ar scála domhanda de ghnáth, ach i gcásanna áirithe cuireann bearta sriantacha an Aontais cosc fiú ar oibríochtaí trasteorann (e.g. srianta ar sheirbhísí baincéireachta).

Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil sainmhínithe agus pionóis an-éagsúla ag na Ballstáit i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais faoina ndlí riaracháin agus/nó coiriúil, tugtar le tuiscint go bhféadfaí pionóis éagsúla agus leibhéil éagsúla forfheidhmiúcháin a chur ar an iompar céanna. Cruthaíonn sé sin an baol go ndéanfadh daoine aonair agus cuideachtaí siopadóireacht dlínse agus, tríd agus tríd, baineann sé an bonn d'inchreidteacht chuspóirí an Aontais an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú agus seasamh le comhluachanna an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá speisialta le gníomhaíocht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais tríd an dlí coiriúil. D'fhéadfadh an tAontas cothroime iomaíochta dhomhanda a chur chun cinn freisin ina leith sin.

Ar deireadh, is bac iad na sainmhínithe agus na pionóis éagsúla ar shárú ar bhearta sriantacha an Aontais faoi dhlí riaracháin agus/nó coiriúil na mBallstát ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach bheartas an Aontais maidir le bearta sriantacha.

I bhfianaise a phráinní atá sé na daoine aonair agus daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a thabhairt chun cuntais, leagtar amach cheana féin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Teachtaireacht seo na príomhghnéithe a d'fhéadfadh a bheith i dTreoir amach anseo maidir le pionóis choiriúla as sárú ar bhearta sriantacha an Aontais. Leis sin, éascófar rannpháirtíocht mhear le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar an gceist sin.

[17] Féach an forléargas arna sholáthar ag an Líonra um Chinedhíothú, *Prosecution of sanctions (restrictive measures) violations in national jurisdictions: a comparative analysis*, [Inchúiseamh a dhéanamh ar sháraithe smachtbhannaí (bearta sriantacha) i ndlínsí náisiúnta: anailís chomparáideach], 2001.